Cuireadh do Mhuire

Cuireadh do Mhuire

Seo dán beag a scríobh Máirtín Ó Direáin faoin Nollaig ar Árainn. Oileáin atá ann. Shíl Máirtín go mbeadh Íosa agus Muire iontach sásta ar na hoileáin sin.

An eol duit, a Mhuire
Cá raghair i mbliana
Ag iarraidh foscaidh
Dod Leanbh Naofa,
Tráth 'bhfuil gach doras
Dúnta ina éadan
Ag fuath is uabhar
An chine dhaonna?

Deonaigh glacadh
Le cuireadh uaimse
Go hoileáin mara
San iarthar chianda.
Beidh coinnle geala
I ngach fuinneog lasta,
Is tine mhóna
Ar theallach adhanta.

© CCEA 2022

COUNCIL FOR THE CURRICULUM, EXAMINATIONS AND ASSESSMENT
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Email: info@ccea.org.uk
Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning